

Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 – Danske Slagtermestre v an Coimisiún Eorpach, Ríocht na Danmhairge

(Cás C-99/21 P) ⁽¹⁾

(Achomharc – Státchabhair – Airteagal 107(1) CFAE – Scéim ranníocaíochtaí do bhailiú fuíolluisce – Gearán – Cinneadh nár tugadh aon Státchabhair – Caingean le haghaidh neamhniú – Inghlacthacht – Locus standi – An ceathrú mír d’Airteagal 263 CFAE – Gníomh rialála nach mbaineann bearta forfheidhmiúcháin leis – Cúram díreach)

(2022/C 318/12)

Teanga an cháis: an Danmhairgis

Páirtithe

Iarratasóir: Danske Slagtermestre (ionadaí: H. Sønderby Christensen, advokat)

Páirtithe eile sna himeachtaí: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Grønfeldt agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí), Ríocht na Danmhairge (ionadaithe: J. Nymann-Lindegren, V. Pasternak Jørgensen, M. Søndahl Wolff agus L. Teilgård, i gcáil Gníomhairí)

An chuid oibríochtaí

- 1) Cuirtear ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 1 Nollaig 2020, Danske Slagtermestre v an Coimisiún (T-486/18, neamhfhoilsithe, EU:T:2020:576) ar neamhní.
- 2) Tá an chaingean ag an gcéadchéim inghlactha.
- 3) Tarchuirtear an cás ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh chun cinneadh maidir le fiúntais a fháil.
- 4) Forchoimeádtar na costais.

⁽¹⁾ IO C 182, 10.05.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad – an Bhulgáir) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne IR

(Cás C-105/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 6 agus 47 – An ceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe – An ceart chun leighias breithiúnach éifeachtach a fháil – Prionsabail an chomhionannais agus na muiníne frithpháirtí – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Treoir 2012/13/AE – An ceart chun faisnéis in imeachtaí coiriúla – Dearbhú maidir le cearta tráth na gabhála – An ceart atá ag duine faisnéis a fháil faoin gcúiseamh a chuirtear ina leith i ndáil le barántas gabhála náisiúnta – An ceart chun rochtain a fháil ar ábhair an cháis – Na coinníollacha le haghaidh barántas gabhála Eorpach a eisiúint i leith cúisí atá sa Bhallstát forghníomhaitheach – Tosaíocht dhlí an Aontais)

(2022/C 318/13)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Spetsializiran nakazatelen sad

Páirtí sna príomhimeachtaí

IR

Páirtí leasmhar: Spetsializirana prokuratura

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagail 6 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe agus prionsabail na coibhéise agus na muiníne frithpháirtí a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn nach bhfuil aon oibleagáid ar an údarás breithiúnach a eisíonn barántas gabhála Eorpach, arna ghlacadh faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009, an cinneadh náisiúnta maidir le gabháil duine agus faisnéis maidir leis na féidearthachtaí atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin a chur ar aghaidh chuig an duine faoi réir an bharántais gabhála sin fad is a bhfuil an duine sin sa Bhallstát ina bhfuil an barántas gabhála Eorpach á fhorghníomhú agus nár tugadh suas é do na húdaráis inniúla i mBallstát eisiúna an bharántais gabhála sin.
- 2) Ní mór an prionsabal maidir le tosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú sa chaoi go gceanglaíonn sé ar an údarás breithiúnach eisiúna an dlí náisiúnta a léirmhíniú, a mhéid is féidir, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena gcuirfí ar a chumas toradh a áirithiú atá ag luí leis an gcuspóir arna shaothrú le Cinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, lena gcuirtear cosc ar cheangal a chur ar an údarás sin, faoin dlí náisiúnta, an cinneadh náisiúnta maidir lena ghabháil agus an fhaisnéis maidir leis na féidearthachtaí atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin a chur ar aghaidh chuig an duine faoi réir barántas gabhála Eorpach sula dtugtar suas é d'údarás bhreithiúnacha an Bhallstáit eisiúna.

(¹) IO C 163, 03.05.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel București – an Rómáin) – Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice București – Administrația Sector 1 a Finanțelor Publice v VB, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice București – Serviciul Soluționare Contestații 1

(Cás C-146/21) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Cinntí Cur Chun Feidhme 2010/583/AE agus 2013/676/AE lena n-údaraitear don Rómáin maolú ar Airteagal 193 den Treoir sin – An sásra um muirear freaschurtha – Soláthairtí táirgí adhmaid – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear coinníoll clárúcháin chun críocha CBL maidir le cur i bhfeidhm an tsásra sin – Prionsabal na neodrachta cánach)

(2022/C 318/14)

Teanga an cháis: an Rómáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Curtea de Apel București

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Direcția generală Regională a Finanțelor Publice București – Administrația Sector 1 a Finanțelor Publice

Cosantóirí: VB, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice București – Serviciul Soluționare Contestații 1

An chuid oibríochtúil

Le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus prionsabal na neodrachta cánach, ní chuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach bhfuil feidhm ag an sásra um muirear freaschurtha maidir le duine inchánach nach raibh iarratas déanta aige nó aici ar chlárú chun críocha CBL, nó nach raibh sé sin faighte aige nó aici, as a stuama féin, sular thug sé nó sí faoi na hidirbhearta inchánacha.

(¹) IO C 228, 14.06.2021